AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.7.2014
COM(2014) 443 final

2014/0206 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le nósanna imeachta áirithe chun an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile, a fheidhmiú agus chun an Comhaontú Eatramhach ar thrádáil agus ar ábhair a bhaineann le trádáil idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile, a fheidhmiú (códú)**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. I gcomhthéacs Eoraip na ndaoine, cuireann an Coimisiún an-bhéim ar shimpliú agus ar shoiléiriú dhlí an Aontais ionas go mbeidh sé níos soiléire agus níos so-aimsithe do na saoránaigh agus dá réir sin, go gcruthófar deiseanna nua dóibh agus seans chun úsáid a bhaint as na cearta sonracha a bhronntar orthu.

   Ní féidir an aidhm sin a bhaint amach fad is atá líon mór forálacha a leasaíodh roinnt uaireanta, agus leasuithe suntasacha a bheith i gceist go minic, scaipthe anseo agus ansiúd, rud a fhágann go mbíonn gá le cuardach a dhéanamh ar roinnt de na forálacha sin san ionstraim bhunaidh agus ar roinnt eile acu in ionstraimí leasaitheacha níos déanaí. Is gá, dá bhrí sin, mórobair thaighde a dhéanamh, i bhfoirm comparáide idir cuid mhór ionstraimí éagsúla, chun na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair a shainaithint.

   Ar an gcúis sin, tá gá freisin le códú a dhéanamh ar rialacha a leasaíodh go minic má tá an dlí le bheith soiléir agus trédhearcach.

2. Chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, ar an 1 Aibreán 1987[1], treoir a thabhairt dá fhoireann á rá gur cheart gach gníomh a chódú i ndiaidh deich leasú ar a mhéad, agus cuireadh i bhfios dóibh gur bunriachtanas é seo agus gur cheart féachaint le códú a dhéanamh ag eatraimh is giorra ná sin ar na téacsanna a bhfuil siad freagrach astu lena chinntiú go bhfuil na forálacha atá iontu soiléir agus sothuigthe.

3. Dearbhaíodh an méid sin i gConclúidí Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí i nDún Éideann (Nollaig 1992)[2], agus cuireadh i bhfios an tábhacht a bhaineann le códú mar go dtugann sé cinnteacht faoin dlí is infheidhme maidir le hábhar ar leith tráth ar leith.

   Ní foláir an nós imeachta coitianta a bhaineann le glacadh ghníomhartha an Aontais a chomhlíonadh go huile agus go hiomlán le linn an códú á dhéanamh.

   Ós rud é nach ceadmhach athruithe a dhéanamh ar shubstaint na n-ionstraimí lena mbaineann an códúchán, tháinig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar chomhaontú, trí chomhaontú idirinstitiúideach dar data an 20 Nollaig 1994, go bhféadfar nós imeachta luathaithe a úsáid chun ionstraimí códaithe a ghlacadh go mear.

4. Is é is cuspóir don togra seo códú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 594/2008 ón gComhairle an 16 Meitheamh 2008 maidir le nósanna imeachta áirithe chun an Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile, a chur i bhfeidhm agus chun an Comhaontú Eatramhach ar thrádáil agus ar ábhair a bhaineann le trádáil idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile, a chur i bhfeidhm[3]. Glacfaidh an Rialachán nua ionad na ngníomhartha éagsúla a chuimsítear ann[4]; caomhnaítear go huile agus go hiomlán inneachar na ngníomhartha atá á gcódú agus, dá bhrí sin, ní dhéantar ach iad a thabhairt le chéile agus na leasuithe foirmiúla sin amháin a bhfuil gá leo don phróiseas códúcháin féin a dhéanamh.

---

1 COM(87) 868 miontuairiscí.
2 Féach Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Cuid A de na Conclúidí.
3 Códú a cuireadh ar chlár reachtaíochta 2014.
4 Féach Iarscríbhinn I a ghabhann leis an togra seo.

5. Rinneadh an togra códúcháin a tharraingt suas ar bhonn réamh-chomhdhlúthú, i 22 teanga oifigiúil, ar Rialachán (CE) Uimh. 594/2008 agus ar an ionstraim lena leasaítear é. Is í Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh a rinne an comhdhlúthú sin trí chóras próiseála sonraí. I gcás uimhreacha nua a bheith tugtha do na hAirteagail, taispeántar an comhghaol idir an tseanuimhir agus an uimhir nua i dtábla atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán códaithe.

↓ Ceartúchán, IO L 233, 30.8.2008, lch. 1 (oiriúnaithe)

2014/0206 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le nósanna imeachta áirithe chun an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile, a fheidhmiú agus chun an Comhaontú Eatramhach ar thrádáil agus ar ábhair a bhaineann le trádáil idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile, a fheidhmiú (códú)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ⌦ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ⌫, agus go háirithe Airteagal ⌦ 207(2) ⌫ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[5],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

↓

(1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 594/2008 ón gComhairle[6] a leasú go substaintiúil[7]. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúntacht, ba cheart an Rialachán sin a chódú.

↓ Ceartúchán, IO L 233, 30.8.2008, lch. 1 (oiriúnaithe)

(2) An 16 Meitheamh 2008, síníodh Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais i Lucsamburg idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile ('an CCC').

5 IO C [...], […], lch. […].

6 Rialachán (CE) Uimh. 594/2008 ón gComhairle an 16 2008 maidir le nósanna imeachta áirithe chun an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile, a fheidhmiú agus chun an Comhaontú Eatramhach ar thrádáil agus ar ábhair a bhaineann le trádáil idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile, a fheidhmiú. (IO L 169, 30.6.2008, lch. 1).

7 Féach Iarscríbhinn I.

(3) An 16 Meitheamh 2008 thug an Chomhairle chun críche Comhaontú Eatramhach ar thrádáil agus ar ábhair a bhaineann le trádáil idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile[8] ('an Comhaontú Eatramhach') ina ndearnadh ⌦ foráil ⌫ maidir le teacht i bhfeidhm luath fhorálacha an CCC maidir le trádáil agus le hábhair a bhaineann le trádáil. ⌦ Tháinig ⌫ an Comhaontú Eatramhach i bhfeidhm an ⌦ 1 Iúil 2008 ⌫.

(4) Is gá na nósanna imeachta a leagan síos maidir le forálacha áirithe den Chomhaontú Eatramhach a chur i bhfeidhm. Ós rud é gurb ionann den chuid is mó na forálacha maidir le trádáil agus a bhaineann le trádáil sna hionstraimí ⌦ sin ⌫, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le cur chun feidhme an CCC tar éis dó teacht i bhfeidhm.

(5) Ordaítear sa CCC agus sa Chomhaontú Eatramhach go bhféadfar táirgí iascaigh de thionscnamh na Boisnia nó na Heirseagaivéine a allmhairiú isteach san ⌦ Aontas ⌫ ar dhleacht chustaim laghdaithe, laistigh de theorainneacha na dtaraif-chuótaí. Is gá, dá bhrí sin, forálacha a leagan síos lena rialaítear bainistiú na dtaraif-chuótaí ⌦ sin ⌫.

(6) I gcás ina bhfuil gá le bearta cosanta trádála, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle[9], Rialachán (CE) Uimh. 1061/2009 ón gComhairle[10], Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle[11] nó Rialachán (AE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle[12], de réir mar a bheidh.

(7) I gcás ina dtugann Ballstát faisnéis don Choimisiún faoi chalaois a d'fhéadfadh a bheith ann nó faoi mhainneachtain comhar riaracháin a sholáthar, beidh feidhm ag an reachtaíocht ábhartha ⌦ Aontais ⌫, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle[13].

(8) Chun na forálacha iomchuí den Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart don Choiste um an gCód Custaim a bunaíodh le hAirteagal 285 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] cúnamh a thabhairt don Choimisiún.

---

↓ 37/2014 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn 17 (oiriúnaithe)

(9) Is gá coinníollacha aonfhoirmeacha chun bearta cosanta agus bearta eile nach iad a ghlacadh chun clásail dhéthaobhacha chosanta an Chomhaontaithe Eatramhaigh agus

---

8 IO L 169, 30.6.2008, lch. 1.

9 Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 an 26 Feabhra 2009 ón gComhairle maidir le comhrialacha le haghaidh allmhairí (IO L 84, 31.3.2009, lch. 1).

10 Rialachán (CE) Uimh. 1061/2009 ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear comhrialacha le haghaidh onnmhairí (IO L 291, 7.11.2009, lch. 1).

11 Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch. 51).

12 Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle an 11 Meitheamh 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí fóirdheontais ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 188, 18.7.2009, lch. 93).

13 Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

14 Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 69, 10.10.2013, lch. 1).

an ⌦ CCC ⌫ a chur chun feidhme. Ba cheart na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15].

(10) Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo a bhaineann le himthosca eisceachtúla agus géibheannacha a thagann chun cinn de réir bhrí Airteagal 24(5)(b) agus Airteagal 25(4) den Chomhaontú Eatramhach, agus Airteagal 39(5)(b) agus Airteagal 40(4) den ⌦ CCC ⌫ ina dhiaidh sin, go n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne,

---

🡻 Ceartúchán, IO L 233, 30.8.2008, lch. 1 (oiriúnaithe)

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Sa Rialachán seo leagtar síos nósanna imeachta áirithe chun rialacha mionsonraithe a ghlacadh chun forálacha áirithe den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile ('an CCC'), a chur chun feidhme agus chun forálacha áirithe den Chomhaontú Eatramhaigh ar thrádáil agus ar ábhair a bhaineann le trádáil idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile, ('an Comhaontú Eatramhach') a chur chun feidhme.

---

🡻 37/2014 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn 17(1)

*Airteagal 2*

**Lamháltais d'iasc agus do tháirgí iascaigh**

Déanfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Airteagal 13 den Chomhaontú Eatramhach, agus Airteagal 28 den CCC ina dhiaidh sin, i ndáil leis na taraif-chuótaí d'iasc agus do tháirgí iascaigh, a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9(3) den Rialachán seo.

---

🡻 Ceartúchán, IO L 233, 30.8.2008, lch. 1 (oiriúnaithe)

*Airteagal 3*

**Laghduithe taraife**

1. Faoi réir mhír 2, déanfar rátaí dleachta fabhraí a shlánú síos go dtí an chéad ionad deachúlach.

---

[15] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

2. Más rud é gurb ionann toradh ríomh an ráta dleachta fabhraí de bhun mhír 1 agus ceann díobh seo a leanas, measfar an ráta fabhrach mar dhíolúine iomlán:

(a) 1 % nó níos lú i gcás dleachtanna ad valorem; nó

(b) EUR 1 nó níos lú in aghaidh an méid aonair i ⌦ gcás ⌫ dleachtanna sonracha.

---

↓ 37/2014 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn 17(2) (oiriúnaithe)

*Airteagal 4*

**Oiriúnuithe teicniúla**

I gcás leasuithe agus oiriúnuithe teicniúla ar na forálacha arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo a bhfuil gá leo tar éis athruithe ar chóid na hAinmníochta Comhcheangailte agus ar fhorannta TARIC nó a thig as comhaontuithe, prótacail, malartuithe litreacha nó gníomhartha eile, idir nua agus mhodhnaithe, a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9(3).

*Airteagal 5*

**Clásal cosanta ginearálta**

I gcás inar gá don Aontas beart a dhéanamh mar a fhoráiltear in Airteagal 24 den Chomhaontú Eatramhach, agus in Airteagal 39 den CCC ina dhiaidh sin, glacfar an beart sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9(3) den Rialachán seo, mura sonraítear a mhalairt in Airteagal 24 den Chomhaontú Eatramhach, agus in Airteagal 39 den CCC ina dhiaidh sin.

*Airteagal 6*

**Clásal ganntanais**

I gcás inar gá don Aontas beart a dhéanamh mar a fhoráiltear in Airteagal 25 den Chomhaontú Eatramhach, agus in Airteagal 40 den CCC ina dhiaidh sin, glacfar an beart sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9(3) den Rialachán seo.

---

↓ Ceartúchán, IO L 233, 30.8.2008, lch. 1

*Airteagal 7*

**Imthosca eisceachtúla agus géibheannacha**

I gcás ina dtagann imthosca eisceachtúla agus géibheannacha chun cinn de réir bhrí Airteagal 24(5)(b) agus Airteagal 25(4) den Chomhaontú Eatramhach, agus Airteagal 39(5)(b) agus Airteagal 40(4) den CCC ina dhiaidh sin, féadfaidh an Coimisiún bearta atá infheidhme láithreach a dhéanamh mar a fhoráiltear in Airteagal 24 agus in Airteagal 25 den Chomhaontú Eatramhach, agus Airteagal 39 agus Airteagal 40 den CCC ina dhiaidh sin.

Má fhaigheann an Coimisiún iarraidh ó Bhallstát, glacfaidh sé cinneadh ina thaobh laistigh de chúig lá oibre tar éis an iarraidh a fháil.

↓ 37/2014 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn 17(3) (oiriúnaithe)

⌦ Glacfaidh ⌫ an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9(3) ⌦ den Rialachán seo ⌫, nó i gcásanna práinne, i gcomhréir le hAirteagal 9(4) ⌦ den Rialachán seo ⌫.

↓ Ceartúchán, IO L 233, 30.8.2008, lch. 1 (oiriúnaithe)

*Airteagal 8*

**Clásal cosanta do tháirgí talmhaíochta agus iascaigh**

1. D'ainneoin na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5 agus in Airteagal 6 den Rialachán seo, i gcás inar gá don ⌦ Aontas ⌫ beart cosanta a dhéanamh dá bhforáiltear in Airteagal 24 den Chomhaontú Eatramhach, agus in Airteagal 39 den CCC ina dhiaidh sin, maidir le táirgí talmhaíochta agus iascaigh, déanfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin ag Ballstát nó ar a thionscnamh féin, na bearta is gá a chinneadh tar éis dó, más infheidhme, dul ar iontaoibh an nós imeachta atreorúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 24 den Chomhaontú Eatramhach, agus in Airteagal 39 den CCC ina dhiaidh sin.

Má fhaigheann an Coimisiún iarraidh ó Bhallstát, déanfaidh sé cinneadh fúithi:

(a) laistigh de thrí lá oibre tar éis an iarraidh sin a fháil, i gcás nach bhfuil feidhm ag an nós imeachta atreorúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 24 den Chomhaontú Eatramhach, agus in Airteagal 39 den CCC ina dhiaidh sin; nó

(b) laistigh de thrí lá roimh dheireadh na tréimhse 30 lá dá dtagraítear in Airteagal 24(5)(a) den Chomhaontú Eatramhach, agus in Airteagal 39(5)(a) den CCC ina dhiaidh sin, i gcás ina bhfuil feidhm ag an nós imeachta atreorúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 24 den Chomhaontú Eatramhach, agus in Airteagal 39 den CCC ina dhiaidh sin.

Cuirfidh an Coimisiún na bearta a cinneadh in iúl don Chomhairle.

↓ 37/2014 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn 17(4) (oiriúnaithe)

2. ⌦ Glacfaidh ⌫ an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9(3), nó i gcásanna práinne, i gcomhréir le hAirteagal 9(4).

↓ 37/2014 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn 17(5)

*Airteagal 9*

**Nós imeachta coiste**

1. Chun críche Airteagal 2, Airteagal 4 agus Airteagal 11, déanfaidh an Coiste um an gCód Custaim a bunaíodh le hAirteagal 285 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa Choiste sin.

2. Chun críche Airteagal 5, Airteagal 6, Airteagal 7 agus Airteagal 8, déanfaidh an Coiste um Choimircí a bunaíodh le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa Choiste sin.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i dteannta Airteagal 5 den Rialachán sin.

---

🡻 Ceartúchán, IO L 233, 30.8.2008, lch. 1 (oiriúnaithe)

*Airteagal 10*

**Dumpáil agus fóirdheontas**

I gcás cleachtais ar dóchúil gur gá don ⌦ Aontas ⌫ na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 23(2) den Chomhaontú Eatramhach, agus in Airteagal 38(2) den CCC ina dhiaidh sin, a chur i bhfeidhm ina leith, déanfar tabhairt isteach beart frithdhumpála agus/nó frithchúitimh a chinneadh i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 agus/nó i Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ⌦ faoi seach ⌫.

*Airteagal 11*

**Iomaíocht**

1. I gcás cleachtais a d'fhéadfadh údar cuí a thabhairt do chur i bhfeidhm na mbeart dá bhforáiltear in Airteagal 36 den Chomhaontú Eatramhach, agus in Airteagal 71 den CCC ina dhiaidh sin, ag an ⌦ Aontas ⌫, déanfaidh an Coimisiún cinneadh, tar éis dó an cás a scrúdú, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin ag Ballstát, an bhfuil an cleachtas ag luí leis na Comhaontuithe ⌦ sin ⌫.

Na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 36(10) agus in Airteagal 71(10) den CCC ina dhiaidh sin, glacfar iad i gcásanna cabhrach i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 agus, i gcásanna eile nach iad, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal ⌦ 207 ⌫ den Chonradh.

2. I gcás cleachtais lena bhféadfadh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin bearta a chur i bhfeidhm maidir leis an ⌦ Aontas ⌫ ar bhonn Airteagal 36 den Chomhaontú Eatramhach agus Airteagal 71 den CCC ina dhiaidh sin, cinnfidh an Coimisiún, tar éis dó an cás a scrúdú, an bhfuil an cleachtas ag luí leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Eatramhach, agus sa CCC ina dhiaidh sin. I gcás inar gá, déanfaidh ⌦ an Coimisiún ⌫ na cinntí iomchuí ar bhonn critéar a thig as cur i bhfeidhm Airteagal 101, Airteagal 102 agus Airteagal 107 den Chonradh.

*Airteagal 12*

**Calaois nó mainneachtain comhar riaracháin a sholáthar**

I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar bhonn faisnéise arna soláthar ag Ballstát nó ar a thionscnamh féin, gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 29 den Chomhaontú Eatramhach, agus in Airteagal 44 den CCC ina dhiaidh sin, déanfaidh sé an méid seo a leanas gan mhoill:

(a) an Chomhairle a chur ar an eolas; agus

(b) fógra faoi na torthaí a thabhairt don Choiste Eatramhach, agus don Choiste um Chobhsaíocht agus Comhlachas ina dhiaidh sin, mar aon leis an bhfaisnéis oibiachtúil, agus rachaidh sé i mbun comhairliúcháin laistigh den Choiste Eatramhach agus laistigh den Choiste um Chobhsaíocht agus Comhlachas ina dhiaidh sin.

Aon rud a fhoilseofar faoi Airteagal 29(5) den Chomhaontú Eatramhach, agus Airteagal 44(5) den CCC ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

↓ 37/2014 Airteagal 1 agus Iarscríbhinn 17(6)

Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9(3) den Rialachán seo, cóir fhabhrach ábhartha na dtáirgí dá bhforáiltear in Airteagal 29(4) den Chomhaontú Eatramhach, agus in Airteagal 44(4) den CCC ina dhiaidh sin, a chur ar fionraí go sealadach.

---

↓ Ceartúchán, IO L 233, 30.8.2008, lch. 1 (oiriúnaithe)

*Airteagal 13*

**Fógra a thabhairt**

Ag gníomhú dó thar ceann an ⌦ Aontais ⌫, beidh an Coimisiún freagrach as fógra a thabhairt don Choiste Eatramhach, agus don Chomhairle um Chobhsaíocht agus Comhlachais agus don Choiste um Chobhsaíocht agus Comhlachas ina dhiaidh sin, faoi seach, mar a cheanglaítear faoin gComhaontú Eatramhach nó faoin CCC.

---

↓

*Airteagal 14*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 594/2008.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn II.

↓ Ceartúchán, IO L 233, 30.8.2008, lch. 1 (oiriúnaithe)

*Airteagal 15*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an ⌦ fichiú ⌫ lá ⌦ tar éis lá ⌫ a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |